Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11132/26**

**ECOFIN 922**
**UEM 326**
**SOC 451**
**EMPL 253**
**COMPET 866**
**ENV 842**
**EDUC 308**
**ENER 464**
**JAI 902**
**GENDER 139**
**JEUN 182**
**SAN 540**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hOstaire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 220 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hOstaire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil an Ostair ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt i gcónaí i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Ostair. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ostair ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ó 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Ostair. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hOstaire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 8 Iúil 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hOstaire[4]. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 2,6 % in 2025, 2,2 % in 2026, 2,2 % in 2027, 2,0 % in 2028 agus 2,3 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 2,6 % in 2025, 4,8 % in 2026, 7,2 % in 2027, 9,4 % in 2028 agus 11,9 % in 2029. Maidir leis na blianta 2025-2028, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 8 Iúil 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[5]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[6], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Ostair ar stad.

[4] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hOstaire (IO C, C/2025/3958, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3958/oj).

[5] Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Ostair, a glacadh an 8 Iúil 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na hOstaire um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Austria_en.

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[7] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón Ostair, an 17 Feabhra 2026, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Ostair imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[8]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Ostair in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(8) An 29 Aibreán 2026, chuir an Ostair a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[9] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hOstaire i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

---

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Accommodating increased defence expenditure within the Stability and Growth Pact* [Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis], an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

[8] Moladh ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 lena gceadaítear an Ostair imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2026/1158, 4.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli//2026/1158/oj).

[9] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(9) In 2025, ba é 0,6 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 3,6 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,6 % in 2026 agus faoi 0,9 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,0 % ann in 2026 agus 2,5 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hOstaire ó easnamh 4,6 % de OTI in 2024 go heasnamh 4,2 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 cur chun feidhme pacáiste comhdhlúthaithe. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 4,1 % de OTI in 2026 agus 2027.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[11], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 1,1 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sé crapthach in 2026 agus 2027 araon, faoi 0.4 % de OTI i ngach bliain.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[12], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na hOstaire ó 80,0 % de OTI ag deireadh 2024 go 81,5 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 an t-easnamh fioscach, fás measartha OTI agus infheistíochtaí arna maoiniú ag creidmheas i dtionscadail bhonneagair ag roinnt aonad seachbhuiséadach in earnáil an rialtais láir. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 83,4 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 84,9 % faoi dheireadh 2027.

---

10 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

11 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

12 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Bealtaine 2026.

(13) Ar bhonn shonraí Eurostat[13], 0.7 % de OTI a bhí i gcaiteachas cosanta ginearálta iomlán an rialtais san Ostair in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 0.9 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,3 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá beart beartais fhioscaigh glactha ag an Ostair chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[14], is é sin, laghdú neamhspriocdhírithe ar dhleachtanna máil (lena n-áirítear srianta rialála ar chorrlaigh) maidir le peitreal agus díosal i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh costas fioscach an bhirt sin níos lú ná 0,1 % de OTI in 2026, fiú amháin má chuirtear síneadh leis go dtí deireadh na bliana freisin.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d’fhás an glanchaiteachas san Ostair faoi 2,0 % in 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Ostair faoi 2,1 % in 2026 agus gur fás carnach 4,1 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

---

13 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

14 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na hOstaire, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis arna soláthar ag an Ostair ina Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sin a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Ostair a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán[15].

(18) Is dúshlán suntasach d'inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean é an t-aosú déimeagrafach. Tá an caiteachas poiblí ar phinsin ar na leibhéil is airde san Aontas, ag 14,5 % de OTI in 2025, rud a léiríonn freisin aois scoir iarbhír íseal. D'ainneoin na mbeart a rinneadh le déanaí agus a rinneadh roimhe seo, lena n-áirítear rialacha incháilitheachta níos déine le haghaidh scéimeanna luathscoir ó 2026 ar aghaidh, agus an cóineasú in aois scoir na bhfear agus na mban go dtí 2033, réamh-mheastar go bhfanfaidh an aois scoir iarbhír agus an aois scoir reachtúil íseal i gcomparáid le Ballstáit eile. Réamh-mheastar go leanfaidh aistrithe feidearálacha chuig an gcóras pinsean de bheith suntasach. I gcodarsnacht leis sin, tá scéimeanna pinsin fhorlíontaigh fós tearcfhorbartha, le cumhdach íseal agus doimhneacht airgeadais theoranta.

---

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(19) Chomh maith le haosú déimeagrafach, cuireann ilroinnt agus neamhéifeachtúlachtaí costais le leibhéil ardaithe caiteachais ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, rud a chuireann isteach ar an airgeadas poiblí. Tá an caiteachas fós claonta i dtreo cúram ospidéil d'othair chónaitheacha agus tá cloí lag le spriocanna caiteachais fós ag baint an bhoinn den rialú buiséadach. Is é is aidhm d'athchóirithe, lena n-áirítear ciste um athchóiriú cúraim sláinte a bhunú in 2026, cúram príomhúil agus digitiú a neartú, ach tá teorainn lena dtionchar mar gheall ar thacaíocht rialála neamhleor, mar shampla comhordú lag ar chonairí othar. Tá digitiú an chórais cúraim sláinte fós neamhiomlán, rud a chuireann teorainn le gnóthachain éifeachtúlachta. D'ainneoin caiteachas sách ard ar ghalair a chosc, tá deis ann iarrachtaí a mhéadú maidir le tosca riosca iompraíochta a bhainistiú agus galair neamhtheagmhálacha a chosc. Maidir le cúram fadtéarmach, tá laigí rialachais fós ann, lena n-áirítear easpa spriocanna ceangailteacha caiteachais agus comhtháthú teoranta le seirbhísí cúraim sláinte. Léiríonn sciar réasúnta ard an chúraim chónaithe agus na n-éagothromaíochtaí réigiúnacha sa soláthar go bhfuil deis ann feabhas a chur ar an gcostéifeachtacht agus cáilíocht cúraim níos aonfhoirmí a áirithiú.

(20) Is saintréith de chreat fioscach na hOstaire é an córas casta aistrithe idir-rialtasacha idir údaráis fheidearálacha agus réigiúnacha, rud a chuireann teorainn le héifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí. Agus leibhéal íseal neamhspleáchais cánach acu, bíonn stáit fheidearálacha ag brath go mór ar ioncam comhroinnte seachas ar a bhfoinsí féin, agus níor tháinig ach sciar beag den ioncam poiblí iomlán in 2025 ó fhoinsí fonáisiúnta. An tráth céanna, braitheann maoiniú seirbhísí riachtanacha, mar shampla, cúram sláinte, cúram leanaí agus infheistíocht in iompar poiblí go páirteach ar chaiteachas arna sholáthar ag na stáit fheidearálacha agus na bardais. Rinne an Ostair athbhreithniú ar Chomhshocrú Cobhsaíochta 2025 na hOstaire i mí Aibreáin 2026 le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2024 chun spriocanna fiachais agus easnaimh a leagan síos do rialtais fheidearálacha, réigiúnacha agus áitiúla agus chun ceanglais tuairiscithe mhíosúla a thabhairt isteach ar an leibhéal réigiúnach, ach bhí na hathruithe nithiúla ar shannacháin chaiteachais agus ar shásraí cuntasachta measartha. Cuireann an comhshocrú den chuid is mó leis na socruithe atá ann cheana agus ní athraíonn sé go bunúsach dáileadh casta na n-inniúlachtaí ar fud na leibhéal rialtais. Thairis sin, tá an comhar idirbhardasach atá ann faoi láthair míchothrom. Trí shonraí bardasacha a nascadh le hardán malartaithe sonraí idir-inoibritheach agus trí chomhpháirtíochtaí seirbhíse ilchuspóireacha (*Mehrzweckverbände*) a chur chun cinn ar an leibhéal feidhmiúil, d'fhéadfaí éifeachtúlacht, cáilíocht seirbhíse agus coigilteas costais a threisiú.

(21) Tá an meascán cánach fós ag brath go mór ar ioncam saothair agus ar thomhaltas. In 2025 ba ag an Ostair a bhí an cúigiú cóimheas idir cánach agus OTI san Aontas le meánding chánach mhór ar shaothar[16]. Ó bhí 2023 ann, déantar réimeanna cánach ioncaim phearsanta a innéacsú leis an mboilsciú, rud a chuireann stop leis an ding chánach ag éirí níos mó trí bhogadh réime cánach. Tá roinnt dúshláin struchtúrtha sheanbhunaithe fós ann sa mheascán cánach nár tugadh aghaidh orthu go fóill, áfach. Ach úsáid níos fearr a bhaint as cánacha atá fabhrach don fhás agus don fhostaíocht, d'fhéadfaí an spás buiséadach is gá a chruthú agus feabhas a chur ar an gcóras chánach foriomlán.

(22) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(23) San Ostair, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), os cionn an mheánluais chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Ostair ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá réimsí áirithe a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear na réimsí sin a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le forbairt chríochach agus uirbeach chomhtháite. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Ostair ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[17], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

(24) Tá roinnt dúshlán roimh an Ostair a bhaineann le hinbhuanaitheacht a hairgeadais phoiblí, margadh an tsaothair agus forbairt scileanna, dinimiceas gnó agus iomaíochas gnó, a spleáchas leanúnach ar bhreoslaí iontaise agus praghsanna arda fuinnimh.

---

**16** ECFE (2026) Cánachas ar Phá 2026.

**17** Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(25) D’ainneoin bearta chun cruthú gnó a shimpliú agus chun raon na n-ionstraimí cistiúcháin a leathnú, tá easpa maoinithe riosca fós ag cur bac ar ghnólachtaí nuálacha a scálú. Tá margaí caipitil fiontair agus fáis áitiúla fós tearcfhorbartha i gcomparáid le príomhphiaraí an Aontais, ach tháinig laghdú 56 % ar chistiú gnólachtaí nuathionscanta in 2025 go dtí an leibhéal is ísle ó bhí 2019 ann. D’fhéadfaí bearnaí sa mhaoiniú caipitil fiontair a mhaolú trí bhunú beartaithe an Chiste Cistí um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá fós ann a chuireann bac ar infheisteoirí institiúideacha amhail cistí pinsin agus árachóirí infheistíocht a dhéanamh in ionstraimí cothromais fadtéarmacha. Trí cholún na bpinsean forlíontach a neartú, d’fhéadfaí rannchuidiú freisin le margadh cothromais na hOstaire a dhoimhniú agus le caipiteal breise a shlógadh do chuideachtaí nuálacha.

(26) D’ainneoin an ardleibhéil infheistíochta T&F (i measc na dtrí Bhallstát leis na leibhéil is mó san Aontas), tá an t-aistriú go táirgí indíolta agus nuálaíocht shuaiteach fós teoranta. Léirítear i Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2025 tearcfheidhmíocht choibhneasta na hOstaire in FBManna a thugann nuálaíochtaí táirgí isteach. Chun aghaidh a thabhairt air sin, d’fhógair an rialtas bearta chun feabhas a chur ar chumais T & F ina Straitéis Thionsclaíoch 2035 agus ghlac sé an tríú Comhshocrú maidir le Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht le haghaidh 2027 go 2029, le himchlúdach cistiúcháin iomlán de thart ar EUR 5.5 billiún. Is gá na bearta sin a chur chun feidhme go críochnúil, lena n-áirítear trí chomhordú feabhsaithe breise a dhéanamh ar inniúlachtaí ar fud na n-aireachtaí agus trí fhaireachán a dhéanamh atá bunaithe ar thionchar chun a áirithiú go mbainfí amach le caiteachas ard T & F na hOstaire torthaí nuálaíochta indíolta atá inchomparáide le torthaí na bpríomh-Bhallstát.

(27) Is dúshlán breise don fhás agus don táirgiúlacht é glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha ag cuideachtaí, rud atá tite ar gcúl. Tá an dul chun cinn maidir le digitiú gheilleagar na hOstaire fós míchothrom. Léiríonn FBManna bunleibhéal déine digití atá beagán os cionn mheán an Aontais, agus tá móiminteam láidir ag baint le glacadh IS i measc cuideachtaí. Mar sin féin, tá glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha eile ag cuideachtaí, go háirithe néalríomhaireacht agus anailísíocht sonraí, fós faoi bhun mheán an Aontais. Tá gá fós le bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais, tacaíocht níos láidre do ghlacadh gnó le réitigh néalríomhaireachta agus sonraí, agus infheistíocht i scileanna digiteacha.

(28) Cuireann an t-ualach riaracháin agus rialála isteach ar an timpeallacht ghnó san Ostair, rud a chuireann moill ar nósanna imeachta ceadaithe agus a chuireann de cheangal ar ghnólachtaí acmhainní suntasacha a thiomnú do chúraimí riaracháin. Rinneadh dul chun cinn trí phróiseas clárúcháin gnó atá go hiomlán digiteach a chumasú, ach tá gá le gníomhaíocht shuntasach bhreise. D'fhéadfadh an t-athchóiriú atá beartaithe ar an gCód Trádála dlús a chur le ceadú gnó agus an t-ualach riaracháin a laghdú, ach tá gá le comhar éifeachtach ar fud na leibhéal áitiúil, cúigeach agus feidearálach chun é a chur chun feidhme ina iomláine.

(29) Bíonn tionchar diúltach ag easpa iomaíochta in earnálacha áirithe ar thomhaltóirí na hOstaire, rud a ardaíonn praghsanna. Tá tionchar diúltach ag srianta soláthair críochacha ar thomhaltóirí na hOstaire, mar gheall ar phraghsanna i bhfad níos airde ar tháirgí comhionanna bia agus cúraim phearsanta. Is measa fós é sin mar gheall ar bhacainní ar iontráil sa mhargadh. Le sriantacht rialála do ghairmeacha agus do sholáthraithe seirbhíse áirithe, amhail laistigh den innealtóireacht shibhialta, cuirtear teorainn bhreise leis an iomaíocht agus cruthaítear bacainní lena n-áirítear maidir le soláthar trasteorann seirbhísí.

(30) Tháinig dúshláin inacmhainneachta tithíochta chun cinn mar gheall ar chostais tógála atá ag dul i méid agus soláthar tithíochta nua atá ag dul i léig, i measc tosca eile, rud a chuir iontrálaithe nua sa mhargadh tithíochta faoi mhíbhuntáiste. Dá ndéanfaí athbhreithniú ar chaighdeáin theicniúla chasta ar a dtugtar 'cleachtas tráchtála bunaithe' d'fhonn laghdú a dhéanamh ar cheanglais nach bhfuil fíor-riachtanach don tsábháilteacht ná don éifeachtúlacht fuinnimh, d'fhéadfaí an bealach a réiteach do shimpliú cliste lena n-ísleofaí costais.

(31) Rinne an Ostair roinnt beart in 2025 chun dul i ngleic le praghsanna arda fuinnimh. Sa bhreis ar bhearta gearrthéarmacha arb é is aidhm dóibh praghsanna fuinnimh a ísliú don tionscal dianfhuinnimh agus an tobhach leictreachais a ísliú don bhliain 2026, glacadh an tAcht um an Margadh Leictreachais. Is athrú tábhachtach é an tAcht nua sin ar chreat rialála mhargadh leictreachais na hOstaire agus cuideoidh sé le solúbthacht an fhuinnimh a mhéadú agus le comhaontuithe ceannaigh cumhachta a chumasú. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach an tAcht um an Margadh Leictreachais a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil chun praghsanna níos ísle a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe agus struchtúrach. Thairis sin, leanann spleáchas na tíre ar ghás nádúrtha chun leictreachas a ghiniúint in éineacht le solúbthacht neamhiontaise theoranta agus acmhainneacht idirnaisc atá teoranta go páirteach de phraghsanna fuinnimh a ardú, praghsanna atá i bhfad os cionn mheán an Aontais. Cé go bhfuil an spleáchas sin ar ghás nádúrtha fós ann, tá gníomhaíochtaí déanta ag an Ostair chun feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh trí fhoinsí a soláthair gáis a éagsúlú.

(32) Leanann an Ostair de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lena conair i dtreo an aistrithe chuig fuinneamh glan, ach bhí breoslaí iontaise i gceist le níos mó ná leath dá meascán fuinnimh fós in 2024. Chun a spriocanna 2030 a bhaint amach, beidh ar an Ostair dlús a chur le hacmhainneacht foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le leathnú an bhonneagair, go háirithe i gcás fuinneamh gaoithe, nár cuireadh ach 0,2 GW d'acmhainneacht nua leis in 2025. B'ionann fuinneamh in-athnuaite agus 83,9 % de ghiniúint leictreachais in 2025, le sciar ard hidreachumhachta. I bhfianaise inathraitheacht shéasúrach na hidreachumhachta agus na fótavoltachais, is comhlánú costéifeachtach é an fuinneamh gaoithe, arbh ionann é agus 11,8 % de ghiniúint na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite in 2024, chun an gá atá le hallmhairí leictreachais a laghdú, go háirithe sa gheimhreadh. Beidh sé ríthábhachtach amanna ceadaithe a ghiorrú agus limistéir dlúsúlachta leordhóthanacha a ainmniú, go háirithe i gcás fuinneamh gaoithe, chun na spriocanna a leagtar amach san Ionstraim um Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh agus sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí dlús a chur le huasghrádú agus síneadh na heangaí leictreachais, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus stóráil a mhéadú chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a chur chun cinn. Chuige sin, tá gá le níos mó infheistíochtaí agus luas níos tapúla, lena n-áirítear i gceadú, ionas gur féidir giniúint bhreise fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras.

(33) Ní leor fós luas reatha an dícharbónaithe chun go mbainfidh an Ostair a spriocanna aeráide 2030 agus sprioc 2040 maidir le haeráidneodracht amach. In 2024, tháinig laghdú 3 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, laghdú a bhí i bhfad níos moille ná mar a bhí in 2023, agus léiríonn réamh-mheastacháin go dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí in 2025. Tháinig laghdú ar astaíochtaí tionsclaíocha le déanaí, ach tá an earnáil fós dian ar fhuinneamh agus ar astaíochtaí. Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhearta lena dtacaítear le dícharbónú tionscail agus le bonneagar tionsclaíoch glan a fhorbairt, lena n-áirítear a leathnú fisiceach agus creataí rialála, agus béim á leagan ar réigiúin ina bhfuil ardleibhéal déine astaíochtaí. Tháinig laghdú ar astaíochtaí iompair in 2024, go príomha mar gheall ar thrácht lasta níos ísle, ach tá dul chun cinn beartais fós teoranta. Beidh sé tábhachtach deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise agus dlús a chur le leictriú iompair, lena n-áirítear iompar lasta de bhóthar. Beidh laghdú breise ar astaíochtaí ag brath freisin ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú in earnáil na tionsclaíochta, in earnáil an iompair agus i bhfoirgnimh, lena n-áirítear trí athchóirithe rialála ar rialacháin maidir le cíos agus rialacháin maidir le maoin chun athchóiriú foirgneamh a éascú.

(34) Tá dúshláin roimh mhargadh an tsaothair maidir le freastal ar an éileamh ar shaothar i gcomhthéacs aosú déimeagrafach agus cánachas saothair atá réasúnta ard agus ranníocaíochtaí sóisialta atá i measc na ranníocaíochtaí sóisialta is airde san Aontas. Lean an fhostaíocht de bheith ag méadú de réir a chéile, arna spreagadh go príomha ag an méadú ar an aois scoir reachtúil do mhná. D’fhan meánlíon na ngnáthuaireanta seachtainiúla a oibríodh íseal ag 35,8 uair an chloig (i gcomparáid le 37,3 ar leibhéal an Aontais). Bhí rátaí gníomhaíochta agus fostaíochta na mban in 2025 ard ag 75.1 % agus 74.2 % faoi seach, agus os cionn mheáin an Aontais faoi seach, ach faoi bhun rátaí na bhfear (82.7 % agus 81 %, faoi seach). Ag an am céanna, áfach, ceann de na bearnaí inscne is leithne san fhostaíocht pháirtaimseartha dá bhfuil ann san Aontas, tá sé ag an Ostair freisin, ag 37,1 pointe céatadáin in 2025, agus tá beagnach leath de na mná uile (49,6 %) ag obair go páirtaimseartha. Leis an ding chánach ard ar an lucht saothair, díspreagtar an t-aistriú ó obair pháirtaimseartha chuig obair lánaimseartha, rud a chuireann le ganntanais lucht saothair agus a chuireann teorainn leis an acmhainneacht eacnamaíoch. D’ainneoin feabhsuithe ar oideachas agus cúram na luath-óige a leathnú, tá cumhdach agus rochtain fós míchothrom ar fud na stát feidearálach. Is iad ilroinnt an chórais rialachais, maoiniú agus ganntanais foirne na príomhchúiseanna leis sin. D’fhéadfadh creat cáilíochta éigeantach lena ngabhann caighdeáin cháilíochta shoiléire cuidiú le haghaidh a thabhairt ar cháilíocht mhíchothrom ar an leibhéal áitiúil.

(35) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Ostair in 2026, d’fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(36) Thosaigh ganntanais saothair ag laghdú, ach tá siad fós ag leibhéal réasúnta ard. Tá ganntanais scileanna agus mímheaitseálacha réigiúnacha fós ag cur bac ar earcaíocht lucht ceirde oilte, le haghaidh poist a éilíonn cáilíochtaí meánleibhéil. Tá rátaí arda folúntas i roinnt réigiún i gcodarsnacht le dífhostaíocht réasúnta ard i réigiúin eile. Áirítear ar na bacainní ar shoghluaisteacht réigiúnach an lucht saothair difríochtaí i bpraghsanna cíosa, infhaighteacht tithíochta sóisialta agus éagothromaíochtaí maidir le hinfhaighteacht oideachas agus chúram na luath-óige do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois. Tá dúshláin mhéadaitheacha roimh an gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'ainneoin é a bheith dea-fhorbartha. Bhí thart ar 24 500 printíseach ionchasach ann nach raibh in ann socrúcháin a fháil in 2025, agus bhí dúshláin níos mó roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Is ábhar imní freisin é cáilíocht na hoiliúna, lena n-áirítear úsáid uirlisí digiteacha.

(37) Tá torthaí fostaíochta fós lag i gcomparáid le meán an Aontais do dhaoine scothaosta, d'oibrithe ar bheagán cáilíochtaí, agus do dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo. I measc na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí chun fostaíocht a mhéadú, tá tacaíocht d'athfhostú daoine scothaosta atá dífhostaithe go fadtéarmach, rochtain níos déine ar luathscor, an páirtphinsean a tugadh isteach agus dreasachtaí cánach a fógraíodh don obair tar éis na haoise scoir reachtúla. Mar sin féin, ní leor fós beartais maidir le himeascadh sa mhargadh saothair do dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus do chuardaitheoirí poist ar bheagán cáilíochtaí. Le hiarrachtaí neartaithe uas-scilithe agus athscilithe, mar aon le comhordú neartaithe ar 'straitéis 2040 um fhoghlaim ar feadh an tsaoil' a bheidh ann amach anseo idir na stáit fheidearálacha agus an leibhéal feidearálach, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar bhunscileanna an dá ghrúpa agus imeascadh an dá ghrúpa i margadh an tsaothair a mhéadú.

(38) Chuaigh staid shóisialta na hOstaire in olcas in 2025, agus tháinig méadú ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. D'fhás ioncaim ísle ar luas níos moille ná meánioncaim agus ní raibh tionchar na n-aistrithe sóisialta maidir leis an mbochtaineacht a laghdú chomh héifeachtach céanna. Rinneadh difear díréireach do leanaí, agus bhí duine as gach ceathrar i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus sin méadú 3,5 pointe céatadáin ó 2024 agus níos mó ná meán an Aontais. Tháinig méadú freisin ar leibhéil AROPE i measc na ndaoine sin a bhfuil cáilíochtaí ísle acu, agus i measc daoine a rugadh lasmuigh den Aontas. D'ainneoin na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí, tá gá fós le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus leordhóthanacht na gcúrsaí oiliúna do dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus do dhaoine ar bheagán cáilíochtaí. Go háirithe, chuirfeadh cúrsaí Gearmáinise leordhóthanacha feabhas ar infhostaitheacht. Ina theannta sin, tá go leor oibrithe neamh-AE rócháilithe (45,4 % in 2025) i gcomparáid le hOstaraigh (23 %) agus náisiúnaigh eile de chuid an Aontais (32,2 %), ós rud é nach bhfuil córas náisiúnta caighdeánaithe ag an Ostair faoi láthair chun cáilíochtaí eachtracha a aithint. Trí aitheantas níos tapúla agus níos aonfhoirmí a thabhairt do cháilíochtaí, d'fhéadfaí leas a bhaint as acmhainneacht tearcúsáidte i margadh an tsaothair, imeascadh imirceach a chur chun cinn, agus rannchuidiú lena rioscaí bochtaineachta a laghdú.

(39) Tá dúshláin fós le sárú ag an Ostair chun leibhéal na mbunscileanna a mhéadú. Níl bunscileanna ag thart ar dhalta as gach ceathrar agus tá an sciar sin i bhfad níos airde i measc daltaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus daltaí a mbaineann cúlra imirceach leo. Níl an Ostair ar an mbóthar ceart chun sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais a bhaint amach maidir le tearcghnóthachtáil níos lú ná 15 % faoi 2030, mar tá éagothromaíochtaí socheacnamaíocha agus réigiúnacha leathana ann. Tá méadú ag teacht ar luathfhágáil na scoile, go háirithe i measc foghlaimeoirí dúchasacha faoi mhíbhuntáiste, agus iad sin a mbaineann cúlra imirceach leo. Tá torthaí oideachais fós míchothrom ar fud na stát feidearálach agus cuireann ganntanais leanúnacha múinteoirí agus foirne srian ar an acmhainneacht torthaí foghlama a fheabhsú. Trí dhaoine óga a choinneáil san oideachas ginearálta le córais leantacha chórasacha, tacaíocht spriocdhírithe lena gcomhcheanglaítear bunscileanna, foghlaim teangacha, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus foirne, agus oiliúint chuimsitheach múinteoirí agus conairí solúbtha an dara deis a chur chun cinn, d'fhéadfaí feabhas a chur ar imeascadh, infhostaitheacht agus comhtháthú sóisialta. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, rinne rialtas na hOstaire bearta tábhachtacha, amhail an clár 'Chancenbonus'.

(40) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hOstaire, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an naoú moladh agus an aonú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ostair in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 8 Iúil 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, i gcomhréir le mír 53 sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 8 Iúil 2025. Bearta cinntitheacha a dhéanamh chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chosaint, lena n-áirítear trí inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras cúraim sláinte, cúraim fhadtéarmaigh agus pinsean a fheabhsú, trí, i measc nithe eile, bonneagar ospidéil a chuíchóiriú, costéifeachtacht an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú, an digitiú agus cosc galar a neartú chun rialú caiteachais a chothú, agus an aois scoir iarbhír a mhéadú go suntasach. Gaolmhaireachtaí fioscacha agus freagrachtaí fioscacha a shimpliú agus a réasúnú ar fud earnálacha rialtais agus ailíniú na bhfreagrachtaí airgeadais agus caiteachais a áirithiú. Feabhas a chur ar an meascán cánach ar bhealach atá neodrach ó thaobh cúrsaí fioscacha de chun an ding chánach ard ar shaothar a laghdú.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarbh iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Dinimiceas gnó, agus cruthú agus fás cuideachtaí óga a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain níos fearr ar chaipiteal fiontair agus fáis a sholáthar agus trí rannpháirtíocht cothromais ag infheisteoirí institiúideacha a éascú agus scéimeanna pinsin fhorlíontaigh a neartú. Feabhas a chur ar réitigh inmhargaidh a dhéanamh den ardleibhéal infheistíochta T&F agus dlús a chur le húsáid ardteicneolaíochtaí digiteacha i gcuideachtaí. Rialáil a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, go háirithe do FBManna, lena n-áirítear trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe. Aghaidh a thabhairt ar bhacainní rialála in earnáil na seirbhísí agus an iomaíocht a neartú chun praghsanna a ísliú. Aghaidh a thabhairt ar chostais arda tógála.

4. An tAcht um Leictreachas a chur chun feidhme, solúbthacht an chórais fuinnimh a fheabhsú agus comhaontuithe ceannaigh cumhachta a dhreasú. Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur le rolladh amach an fhuinnimh in-athnuaite agus an bhonneagair is gá, go háirithe trí nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus dlúslimistéir thiomnaithe a chur i bhfeidhm. Astaíochtaí a laghdú a thuilleadh, go háirithe san earnáil iompair agus trí dhícharbónú tionsclaíoch a chur chun cinn, go háirithe i réigiúin ina bhfuil ardleibhéal déine astaíochtaí.

5. Dreasachtaí a chruthú chun borradh a chur faoin líon uaireanta a oibríonn daoine ar an iomlán agus faoi rannpháirtíocht lánaimseartha na mban sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí chreatdálaí agus go háirithe cáilíocht agus infhaighteacht seirbhísí cúraim leanaí a fheabhsú. Dul i ngleic leis an nganntanas oibrithe oilte agus aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha réigiúnacha, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar thorthaí mhargadh an tsaothair d'oibrithe scothaosta agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste amhail daoine a mbaineann cúlra imirceach leo lena n-áirítear trína gcáilíochtaí a aithint. Leibhéil na mbunscileanna a ardú ó aois óg.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*